

CREATIVE
CONNECTIONS

Treoirínite Iarratais le haghaidh Scoileanna Ceangail Chruthaitheacha

Clár Píolótach an Oileáin Chomhroinnte

1. Réamhrá

Tá áthas ar an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann agus ar an Roinn Oideachais agus Óige in Éirinn cuireadh a thabhairt do Bhunscoileanna, Iar-bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta páirt a ghlacadh i gClár Píolótach na Ceangail Chruthaitheacha 2026/27. Ag tógáil ar an rath agus an taighde a tháinig chun cinn ó chéim phíolótach 2025/26, tá na Ceangail Chruthaitheacha á leathnú anois chuig scoileanna eile ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann in 2026/27.

Is clár comhpháirtíochta cruthaitheach trasteorann é Ceangail Chruthaitheacha do leanaí agus daoine óga, múinteoirí, cleachtóirí cruthaitheacha agus pobail scoile. Agus an curaclam mar bhonn agus mar thaca aige, cuireann an tionscnamh seo an Oileáin Chomhroinnte le folláine, forbairt phearsanta agus foghlaim leanaí agus daoine óga agus a bpobail agus tacaíonn sé leo. Tá Ceangail Chruthaitheacha maoinithe ag Roinn an Taoisigh agus tacaíthe ag Roinn Oideachais agus Óige na hÉireann agus Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann.

Beidh Ceangail Chruthaitheacha ar siúl ó Mheán Fómhair 2026 go Meitheamh 2027 agus beidh rannpháirtíochtaí ar líne agus go pearsanta do dhaoine óga i dteannta a chéile, do mhúinteoirí agus do chleachtóirí cruthaitheacha mar chuid de, lena n-áirítear tacaíocht chun ceannaireacht óige agus foghlaim ghairmiúil a chumasú d'oideachasóirí agus d'ealaíontóirí. Chun comhpháirtíochtaí cruthaitheacha a éascú agus a thógáil, cruthóidh Ceangail Chruthaitheacha 2026/27 braislí trasteorann de scoileanna agus cleachtóirí ó Thuaisceart Éireann agus Éirinn. Sna braislí sin, beidh daoine óga, múinteoirí, cleachtóirí cruthaitheacha agus pobail scoile páirteach i gcónaitheachtaí cruthaitheacha inscoile, do phleanáil chomhroinnte agus do chomhoibriú chun caidrimh foghlama a fhorbairt a fhaigheann tacaíocht ó Éascaitheoir Ceangail Chruthaitheach.

1.1 Rannpháirtíocht agus Guth Daoine Óga

Spregfadh an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (ROTÉ) go háirithe iarratais ó scoileanna a thacaíonn le daoine óga atá ina gcónaí i gceantair RAISE agus déanfaidh sí iarracht ionadaíocht sa

chlár a chinntiú ó na háiteanna sin. Fáiltíonn an Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ) in Éirinn roimh léirithe spéise ó gach scoil in Éirinn, go háirithe ó bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna oideachais speisialta DEIS.

Leagann Ceangail Chruthaitheacha béim ar an gceart atá ag daoine óga guth a bheith acu sa chinnteoireacht agus le linn an chláir seo, beidh siad i gcomhpháirtíocht le múinteoirí agus cleachtóirí cruthaitheacha chun foghlaim a threorú (féach Mol na nÓg, an t-ionad náisiúnta barr feabhais agus comhordaithe i rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht le haghaidh tuilleadh eolais: (<https://hubnanog.ie/>).

1.2 Aidhmeanna na Ceangail Cruthaitheacha

Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá ag teacht chun cinn maidir le Ceangail Chruthaitheacha;

- Feabhas a chur ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar mheasúnú trí chomhpháirtíocht chruthaitheach agus trí phróiseas cruthaitheach
- Tosaíochtaí forbartha scoile agus muinín cleachtóirí a fheabhsú trí oideolaíochtaí cruthaitheacha agus trí fhoghlaim ghairmiúil
- Tacú le gníomhaireacht daoine óga
- Pobail a nascadh tríd an gcruthaitheacht
- Sláinte agus folláine mhothúchánach a chur chun cinn chun ullmhacht chun foghlama a fheabhsú

2. Forbhreathnú ar an gClár

Tacaíonn Ceangail Chruthaitheacha le scoileanna oibriú i gcomhpháirtíocht, agus pobail chleachtas idirdhisciplíneacha trasteorann á bhforbairt i dteannta cleachtóirí cruthaitheacha gairmiúla agus scoileanna eile. Comhcheanglaíonn an clár cónaitheachtaí cruthaitheacha laistigh den scoil le comhoibriú braisle trasteorann, ag cruthú deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga, do mhúinteoirí agus do chleachtóirí cruthaitheacha ceangal, pleanáil agus foghlaim le chéile trí chruthaitheacht.

2.1 Imeachtaí Foghlama Gairmiúla

1. Tosóidh Ceangail Chruthaitheacha le gníomhaíochtaí pleanála agus foghlama cruthaitheacha comhroinnte, lena n-áirítear réamhrá ar líne do na rannpháirtithe uile agus imeacht cónaithe 2 lá do mhúinteoirí agus do chleachtóirí cruthaitheacha.
2. Cuirfidh na seisiúin seo ar chumas daoine óga páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht le múinteoirí agus cleachtóirí cruthaitheacha ag tús an chláir, chomh maith le tacú le caidrimh a fhorbairt, comhoibriú cruthaitheach agus foghlaim.

2.2 Struchtúr an Chláir

1. Cruthóidh scoileanna agus cleachtóirí cruthaitheacha ó Thuaisceart Éireann agus Éirinn braislí trasteorann, ag obair le chéile mar phobail foghlama cruthaitheacha i rith na bliana.

2. Díreoidh na braislí ar chaidrimh a thógáil, leasanna comhroinnte a iniúchadh agus gníomhaíocht chruthaitheach a mhúnlú atá bunaithe ar ghlór na hóige agus ar fhoghlaim ghairmiúil.
3. Gheobhaidh gach scoil maoiniú braisle de €1,500 / £1,290 chun tacú le comhoibriú cruthaitheach trasteorann agus tacóidh éascaitheoir oilte leo chun comhoibriú agus comhpháirtíocht a threorú i 3 chruinniú braisle i rith na scoilbhliana.
4. Beidh deontas breise ar fáil trí phróiseas iarratais ar leith chun tacú le cruinnithe braisle agus le gníomhaíocht chomhroinnte.

2.3 Cónaitheachtaí Cruthaitheacha i mBraislí

1. Oibreoidh gach scoil le beirt chleachtóirí chruthaitheacha (duine amháin óna ndlínse féin agus duine eile trasteorann) chun tacú le rannpháirtíocht chruthaitheach le daoine óga.
2. Maoineofar gach cleachtóir cruthaitheach chun comhoibriú le scoileanna i gcónaitheacht 30 uair an chloig (suas le 9 n-uair an chloig pleanála agus seachadadh 21 uair an chloig).
3. Spreagtar comhoibriú ar líne agus rannpháirtíocht phearsanta nuair is féidir i gCeangail Chruthaitheacha agus cuirtear solúbthacht san áireamh maidir le conas a sheachadtar seisiúin.
4. Féadfaidh cónaitheachtaí reáchtáil i ndiaidh a chéile nó ag an am céanna, agus déantar iad a mhúnlú trí phleanáil chomhoibríoch i mbraislí idir múinteoirí, daoine óga agus cleachtóirí cruthaitheacha.
5. Gheobhaidh gach scoil deontas ábhar €600 / £516 don dá chónaitheacht.

2.4. Tacaíocht Rannpháirtíochta

1. Cuirfear clúdach ionadaíochta múinteoirí, lóistín agus costais taistil ar fáil chun tacú le rannpháirtíocht i gCeangail Chruthaitheacha.
2. Beidh Lá Ceiliúrtha agus Comhroinnte Foghlama na Ceangail Cruthaitheacha ar siúl go lárnach i mí na Bealtaine 2027, agus tugann an ócáid seo cuireadh do dhaoine óga, múinteoirí, cleachtóirí cruthaitheacha agus éascaitheoirí rannpháirteacha teacht le chéile, nascadh agus cleachtas agus foghlaim a mhalartú. Dátaí agus ionad le deimhniú.

2.4.1 Grinnfhiosrúchán & Iarratais Rathúla

1. Déanfaidh Ionad Tacaíochta Oideachais Thrá Lí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar chleachtóirí cruthaitheacha rathúla agus déanfaidh an tÚdarás Oideachais grinnscrúdú ar AccessNI. Ceanglaítear orthu freisin cúrsa ar líne Tús Áite do Leanaí agus cúrsa um Chosaint Leanaí an Údaráis Oideachais a chríochnú.
2. Beidh ar scoileanna a n-éireoidh leo Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (CLS) a shíniú lena Ceangail Chruthaitheacha, agus Ionad Tacaíochta Oideachais Thrá Lí ag glacadh leis na téarmaí agus na coinníollacha roimh thosach feidhme. Is féidir tús a chur le cónaitheachtaí rathúla nuair a bhíonn CLSanna sínithe, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána/AccessNI i bhfeidhm, agus Imeachtaí Cónaithe agus Foghlama Gairmiúla ar líne curtha i gcrích ag an scoil agus ag an gcleachtóir cruthaitheach araon. Is coinníoll sonracha de na Ceangail

Chruthaitheacha é go n-oibríonn múinteoirí, cleachtóirí cruthaitheacha agus daltaí go dlúth agus go gcomhoibríonn siad le chéile chun na cónaitheachtaí a phleanáil, a fhorbairt agus a mheas.

3. Incháilitheacht do Cheangail Chruthaitheacha

Tá Ceangail Chruthaitheacha ag iarraidh cuireadh a thabhairt do 6 scoil rannpháirteacha ó Thuaisceart Éireann agus 6 scoil rannpháirteacha ó Éirinn in 2026/27. Beidh líon deiridh na scoileanna rannpháirteacha ag brath ar iarratais fhoriomlána agus ar acmhainn an chláir.

Fáiltítear roimh iarratais ar Cheangail Chruthaitheacha ó gach bunscoil, iar-bhunscoil agus scoil oideachais speisialta i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn, agus cuirtear fáilte ar leith roimh scoileanna DEIS in Éirinn agus scoileanna atá lonnaithe i gceantair RAISE i dTuaisceart Éireann.

Níl scoileanna atá rannpháirteach faoi láthair nó a bheidh ag glacadh páirte sna cláir seo a leanas in 2026/27 **incháilithe** chun páirt a ghlacadh i gCeangail Chruthaitheacha:

- Scoil atá rannpháirteach faoi láthair i gCeangail Chruthaitheacha 2025/26
- Scoil atá rannpháirteach faoi láthair nó ag glacadh páirte i gComhpháirtíochtaí Scoileanna Cruthaitheacha Thuaisceart Éireann
- Scoil atá rannpháirteach faoi láthair nó ag glacadh páirte i Scoileanna Cruthaitheacha Éireann (An Chomhairle Ealaíon)
- Scoileanna atá rannpháirteach faoi láthair nó ag glacadh páirte i mBraislí Cruthaitheacha Éireann (ROÓ)

4. Iarratas ar Cheangail Chruthaitheacha

Glacfar le hiarratais ar Cheangail Chruthaitheacha 2026/27 trí fhoirm iarratais ar líne amháin (nasc thíos). **Ní ghlacfar ach le hiarratas amháin in aghaidh na scoile.** Mar aitheantas ar an aidhm atá ag Ceangail Chruthaitheacha rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht a chumhachtú agus a thacú, den chéad uair i cCeangail Chruthaitheacha, éascóidh an clár seo próiseas iarratais faoi stiúir na hóige sa bhreis ar na hiarratais atá faoi stiúir múinteoirí agus príomhoidí. Éascóidh an Fhoirm Iarratais ar Cheangail Chruthaitheacha na nithe seo a leanas:

1. Iarratais faoi stiúir an mhúinteora agus/nó an Phríomhoide
NÓ
2. Iarratais do leanaí agus do dhaoine óga a rinneadh le tacaíocht agus maoirseacht an phríomhoide/mhúinteora

Tuilleadh sonraí faoi cheisteanna iarratais agus faisnéis riachtanach thíos. Tabhair faoi deara go mbeidh iarratais faoi stiúir an mhúinteora/an Phríomhoide, agus iarratais faoi stiúir leanaí/daoine óga chuig Ceangail Chruthaitheacha faoi réir an phróisis mheasúnaithe agus scórála a leagtar amach thíos.

4.1. Achoimre ar na hlarratais

Moltar go láidir iarratais a fhorbairt mar dhoiciméid Word sula gcuirtear isteach ar líne iad, toisc nach sábhálfar freagraí go huathoibríoch. Ní ghlacfar ach le hiarratais ar líne (féach aguisín). Tabhair faoi deara nach mór gach iarratas a dhéanamh le tacaíocht agus faomhadh an phríomhoide (cuirfear cóip de na freagraí ar ríomhphost chuig an bpríomhoide).

4.2 Ceisteanna, Measúnú agus Scóráil

Déanfar iarratais a mheas de réir na gcritéar a leagtar amach thíos. Ba chóir freagraí a thabhairt ar cheisteanna an Mhúinteora/Phríomhoide nó ar na ceisteanna faoi stiúir na hÓige, i gcomhréir leis an mbealach iarratais a roghnaíodh.

1. Foghlaim, Teagasc agus Measúnú:

- **Ceist Múinteora/Príomhoide:** Conas a thacóidh an clár seo le foghlaim, teagasc agus measúnú i do scoil?

Scóráil bunaithe ar nasc atá beartaithe leis an gcuraclam, cur chuige agus straitéisí peideolaíocha a chothaíonn rannpháirtíocht agus úinéireacht daoine óga san fhoghlaim nó i nasc le FMS agus PFS.

- **Ceist faoi stiúir na hÓige:** Cén fáth ar mhaith leat go nglacfadh do scoil páirt sa tionscadal seo?

Sa cheist faoi stiúir na nÓige, tá an scóráil bunaithe ar an méid a theastaíonn ó leanaí agus ó dhaoine óga a bhaint amach ina dtaithí scoile agus foghlama, agus ar neart a gcúiseanna le hiarratas a dhéanamh.

2. Rannpháirtíocht na hÓige sa Chinnteoireacht:

- **Ceist Múinteora/Príomhoide:** Conas a éascóidh tú rannpháirtíocht agus ceannaireacht daoine óga sa chinnteoireacht ó phleanáil tionscadail tosaigh go dtí measúnú agus meastóireacht deiridh?

Scóráil bunaithe ar straitéisí atá beartaithe chun gníomhaireacht agus rannpháirtíocht daoine óga a chumasú sa chinnteoireacht, cruthaitheacht agus comhoibriú. Féadfaidh an tionscadal tacú go sonrach le daoine óga a bhfuil an rochtain is lú acu ar chruthaitheacht nó a d'fhéadfadh a bheith laistigh den chohórt 'nach gcloistear go minic' (Plean Óige Chruthaitheach lch. 41 agus <https://hubnanog.ie>).

- **Ceist faoi stiúir na hóige:** Conas a d'fhéadfadh daoine óga i do scoil páirt a ghlacadh i stiúradh an tionscadail seo?

Sa cheist faoi stiúir na hÓige, tá an scóráil bunaithe ar aidhmeanna agus smaointe leanaí agus daoine óga chun oibriú i gcomhar le múinteoirí agus le pobal na scoile chun foghlaim agus rannpháirtíocht a threorú.

3. Comhpháirtíocht agus Comhoibriú:

- **Ceist Múinteora/Príomhoide:** Conas a éascóidh agus a thacóidh tú leis an gcomhpháirtíocht seo le linn an chláir?

Scóráil bunaithe ar straitéisí atá beartaithe chun comhpháirtíocht idir baill foirne, daoine óga agus scoileanna a éascú agus a thacú, agus d'fhéadfadh teaghlai agus an pobal níos leithne a bheith san áireamh.

- **Ceist faoi stiúir na hóige:** Conas a d'fhéadfadh an tionscadal seo cabhrú le daltaí oibriú le múinteoirí chun foghlaim le chéile?

Sa cheist faoi stiúir na hÓige, tá an scóráil bunaithe ar aidhmeanna agus smaointe leanaí agus daoine óga maidir le hoibriú i gcomhar le chéile.

4. Cumas agus Tiomantas:

- **Ceist Múinteora/Príomhoide:** Conas a éascóidh agus a thacóidh tú leis an gcomhpháirtíocht seo le linn an chláir?

Tá an scóráil bunaithe ar réasúnaíocht shoiléir maidir le rannpháirtíocht, agus ar thiomantas do thacaíocht leanúnach do Chlár Píolótach Oileáin Chomhroinnte na Nasc Cruthaitheacha agus ar thiomantas do phobail foghlama cruthaitheacha a thógáil.

- Cumas agus tiomantas chun páirt iomlán a ghlacadh
 - Réasúnaíocht maidir le rannpháirtíocht agus pobail foghlama cruthaitheacha a thógáil ar Oileán Comhroinnte
 - Tacaíocht ceannaireachta sinsearach
 - Scaipeadh sa scoil nó chuig an bpobal níos leithne
- **Ceist faoi stiúir na hóige:** Conas ar mhaith leat do scoil tacú leis an tionscadal seo?

Sa cheist faoi stiúir na hÓige, tá an scóráil bunaithe ar smaointe leanaí agus daoine óga maidir leis an gcaoi ar mhaith leo go mbeadh a gcuid daltaí, múinteoirí agus pobal rannpháirteach. Beidh Ráiteas Tacaíochta an Phríomhoide san áireamh leis seo freisin.

Scóráil Ceisteanna 1-5	Critéir
0	Ní chomhlíonann sé na critéir. Gan aon fhianaise.
5	Comhlíonann na critéir. Soláthraíonn sé fianaise shásúil.
15	Comhlíonann na critéir. Soláthraíonn sé fianaise láidir.
20	Comhlíonann na critéir. Soláthraíonn sé fianaise eisceachtúil.
Scóráil Eile	
10	Tacú le rochtain ar chruthaitheacht (Plean Óige Cruthaitheach, Ich41)
10	Suas le 10 marc leithdháilte bunaithe ar chomhtháthú foriomlán, aidhmeanna beartaithe agus cáilíocht an iarratais.

4.3 Amlíne na Ceangail Chruthaitheacha

Déanann scoileanna sa dá dhlínse iarratais chun páirt a ghlacadh i gCeangail Chruthaitheacha tríd an bhfoirm ar líne seo thíos arna óstáil ag Ionad Tacaíochta Oideachais na nEalaíon Náisiúnta san Oideachas, Trá Lí.

Ceangail Chruthaitheacha 2026/27

Scoileanna: Ceangail Chruthaitheacha 2026/27 – Líon isteach

Tabhair faoi deara nach nglacfar ach le hiarratais ar líne. Dáta deiridh 6 Bealtaine 2026.

Ceangail Chruthaitheacha	Amlíne
Is féidir iarratas a dhéanamh ó	Dé Céadaoin 22 Aibreán 2026
Glacfar leis na hiarratais deiridh	Dé Céadaoin 6 Bealtaine 2026
Scoileanna curtha ar an eolas faoi stádas an iarratais	An tseachtain dar tosach an 18 Bealtaine 2026
Imeachtaí Foghlama Gairmiúla CCo	Meán Fómhair 2026
Críochnú agus athbhreithniú an chláir	Bealtaine/ Meitheamh 2027

Aguisín 1

Ceangail Chruthaitheacha 2026–27 – Iarratais do Scoileanna

Go raibh maith agat as do spéis i gCeangail Chruthaitheacha 2026/27, clár píolótach cruthaitheachta trasteorann a bheidh ar siúl ó Mheán Fómhair 2026 go Meitheamh 2027 do scoileanna agus do chleachtóirí cruthaitheacha i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn. Tá áthas ar na Ranna Oideachais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn cuireadh a thabhairt do Bhunscoileanna, Iar-bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta páirt a ghlacadh i gclár comhpháirtíochta cruthaitheach píolótach Oileán Comhroinnte do leanaí agus daoine óga, do mhúinteoirí, do chleachtóirí cruthaitheacha agus do phobail scoile: Ceangail Chruthaitheacha.

Struchtúr:

Má ghlacann do scoil páirt, beidh tú páirteach i mbraisle trasteorann de 4 scoil (dhá cheann i dTuaisceart Éireann agus dhá cheann in Éirinn) ag obair le chéile faoi théama cruthaitheachta comhroinnte atá dírithe ar nasc. Glacfaidh do scoil páirt i gcónaitheacht mhaoinithe inscoile freisin, agus cleachtóir cruthaitheach amháin ó Thuaisceart Éireann agus duine amháin ó Éirinn ag seachadadh dhá chónaitheacht 30 uair an chloig i do scoil. (suas le 9 n-uaire an chloig de phleanáil agus 21 uair an chloig de sheachadadh ar líne nó go pearsanta in aghaidh na Cónaitheachta) Tá ceannaireacht agus rannpháirtíocht na hóige i ndearadh na dtionscadal riachtanach.

Áirítear sa chlár freisin:

- Cruinnithe agus comhoibriú trasteorann
- Imeachtaí foghlama gairmiúla do mhúinteoirí agus lucht na n-ealaíon
- Meascán de dheiseanna foghlama agus comhpháirtíochta ar líne, go pearsanta agus i gcónaitheacht

Beidh Ceangail Chruthaitheacha ar siúl ó Mheán Fómhair 2026 go Meitheamh 2027, is clár píolótach trasteorann leathan cruthaitheachta é a thacaíonn le scoileanna i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn oibriú i gcomhar le chéile trí chruthaitheacht agus i gcomhpháirtíocht le cleachtóirí cruthaitheacha agus i mBraislí. Comhlánaigh an fhoirm seo le do thoil chun do spéis i rannpháirtíocht a léiriú.

1. **Seoladh ríomhphoist:**

- Seolfar cóip de do fhreagra chuig an seoladh ríomhphoist a chuirtear isteach thíos.
- Seiceáil do bhosca dramhphoist agus déan teagmháil lenár bhfoireann má theastaíonn tacaíocht uait.

2. **Roghnaigh an dlíne is infheidhme maidir le do scoil:**

- a. Scoil i dTuaisceart Éireann
- b. Scoil in Éirinn

Na brainsí foirmeacha ar líne do Scoileanna i dTuaisceart Éireann agus Scoileanna in Éirinn

Faisnéis Scoile

1. **Ainm na Scoile:**

2. **Uimhir Scoile Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann / Uimhir Rolla na Scoile**

(Úsáid an nasc seo chun Uimhir Rolla, Seoladh agus Éirchód na scoileanna rannphárteacha a fháil:
<<https://www.gov.ie/en/directory/category/495b8a-schools/>>)

3. **Seoladh na Scoile, Contae agus Postchód / Éirchód**

4. **Ríomhphost na Scoile**

5. **Uimhir Theagmhála na Scoile**

6. **Roghnaigh an chatagóir is ábhartha do do scoil** (Ticeáil an bosca freagra)

- Bunscoil / Iar-bhunscoil / Oideachas Speisialta / Bunscoil a bhfuil Ranganna Oideachais

Speisialta acu / Iar-bhunscoil le Ranganna Oideachais Speisialta

7. Roghnaigh na roghanna go léir a bhaineann le do scoil. Scoil i gceantar RAISE (más eol) / DEIS / Tuaithe / Uirbeach / Gach ábhar trí mheán na Gaeilge / Ní bhaineann

8. Cailíní / Buachaillí / Comhoideachasúil

9. **Ainm Phríomhoide na Scoile**

10. **Seoladh Ríomhphoist an Phríomhoide** (Seolfar cóip de do chuid freagraí chuig an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil)

11. **Ainm Ionadaí Múinteora na Scoile**

12. **Ríomhphost Ionadaí na Scoile (Seolfar cóip de do chuid freagraí chuig an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil)**

13. **Uimhir Theagmhála Ionadaí Scoile**

14. **Cé atá ag cur isteach ar Cheangail Chruthaitheacha?**

- Is Múinteoir / Príomhoide mé (Treurófar tú chuig Ceisteanna Múinteora/Príomhoide)
- Is Dalta / Mac Léinn mé (Treurófar tú chuig Ceisteanna faoi Threoir na hÓige)

Na brainsí foirmeacha ar líne d'iarratais Múinteora/Príomhoide agus leanaí/daoine óga.

[Ceisteanna Iarratais Scoile an Mhúinteora/Phríomhoide](#)

Tabhair faoi deara le do thoil nach mór gach iarratas a dhéanamh le tacaíocht agus faomhadh an phríomhoide.

Ní mór d'iarratais Ionadaí Múinteora um Ceangail Chruthaitheacha a ainmniú do do scoil freisin. Ainmnigh Ionadaí Múinteora um Ceangail Chruthaitheacha do do scoil. Bheadh an ról seo á chomhlíonadh go hidéalach ag múinteoir lánaimseartha atá paiseanta faoin deis chun oideolaíocht agus cur chuige cruthaitheach a leabú ina gcleachtas. Beidh an t-ionadaí ina chomhpháirtí agus ina óstach don chleachtóir cruthaitheach ina rang le linn na cónaitheachta inscoile agus tacófar leo chun ról ceannaireachta a ghlacadh le linn Ceangail Chruthaitheacha. Ní mór dóibh freastal ar cheardlanna clár agus ar chruinnithe thar ceann a scoile freisin. Déanfar measúnú ar d'iarratas trí úsáid a bhaint as na Critéir Scórála um Ceangail Chruthaitheacha atá leagtha amach sna Treoirlínte do Scoileanna um Ceangail Chruthaitheacha.

Uasmhéid focal in aghaidh na ceiste: 150 focal

1. Foghlaim, Teagasc agus Measúnú

Conas a thacóidh an clár seo le foghlaim, teagasc agus measúnú i do scoil?

Féadfaidh na freagraí an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Réimsí riachtanas agus fócais aitheanta trí Fhéinmheastóireacht Scoile/ Plean Forbartha Scoile
- Forbairt curaclaim
- Forbairt ghairmiúil foirne

2. Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht

Is gné lárnach de bheartas Óige Chruthaitheach is ea guthanna óga a ghlacann páirt sa chinnteoireacht.

Conas a éascóidh tú rannpháirtíocht agus ceannaireacht daoine óga sa chinnteoireacht ó phleanáil tionscadail tosaigh go dtí measúnú agus meastóireacht deiridh?

Féadfaidh an tionscadal tacú go sonrach le daoine óga freisin a bhfuil an rochtain is lú acu ar chruthaitheacht nó a d'fhéadfadh a bheith laistigh den chohórt 'nach gcloistear go minic leo' (Plean Óige Chruthaitheach Ich.41). Chun treoir a fháil, féach an nasc chuig Creat Rannpháirtíochta Mol na nÓg anseo: <https://hubnanog.ie>

3. Comhpháirtíocht agus Comhoibriú

Cumasaíonn agus ceiliúrann clár Ceangail Chruthaitheacha agus Óige Chruthaitheach comhpháirtíochtaí idir daltaí, cleachtóirí cruthaitheacha agus oideachasóirí i scoileanna.

Conas a éascóidh agus a thacóidh tú leis an gcomhpháirtíocht seo le linn an chláir?

4. Cumas agus Tiomantas

Cuireann Ceangail Chruthaitheacha tacaíocht mhaoinithe ar fáil chun deiseanna agus rochtain ar chruthaitheacht agus ar na healaíona san oideachas a fheabhsú tríd an gcuraclam.

Cén fáth a bhfuil iarratas á dhéanamh ag do scoil chun páirt a ghlacadh i gCeangail Chruthaitheacha agus cad iad na buntáistí a bhfuil súil agat a bhaint amach?

Féadfaidh na freagraí an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Cumas agus tiomantas chun páirt iomlán a ghlacadh
- Réasúnaíocht maidir le rannpháirtíocht agus pobail foghlama cruthaitheacha a thógáil ar Oileán Comhroinnte
- Tacaíocht ceannaireachta sinsearach
- Scaipeadh sa scoil nó chuig an bpobal níos leithne

[Iarratas Scoile do Leanaí agus Daoine Óga / Príomhoide](#)

Tabhair faoi deara le do thoil nach mór gach iarratas a dhéanamh le tacaíocht agus faomhadh an phríomhoide.

Uasmhéid focal in aghaidh na ceiste: 150 focal

1. Cén fáth ar mhaith leat go nglacfadh do scoil páirt sa tionscadal seo?

2. **Conas a d'fhéadfadh daoine óga i do scoil páirt a ghlacadh i stiúradh an tionscadail seo?**
3. **Conas a d'fhéadfadh an tionscadal seo cabhrú le daltaí oibriú le múinteoirí chun foghlaim le chéile?**
4. **Conas ar mhaith leat do scoil tacú leis an tionscadal seo?**
5. **Ráiteas Tacaíochta an Phríomhoide**

Deimhníonn an príomhoide tacaíocht na foirne agus cheannaireacht na scoile d'iarratas na leanaí agus na ndaoine óga trína seoladh ríomhphoist a sholáthar le haghaidh comhfhreagrais, agus ráiteas tacaíochta ina ndeimhnítear tiomantas phobal na scoile don iarratas Ceangail Chruthaitheacha agus tacaíocht don chlár má théann an t-iarratas ar aghaidh chuig rannpháirtíocht.

Ceisteanna Iarratais faoi Stiúir na hÓige

1. **Cén fáth ar mhaith leat go nglacfadh do scoil páirt sa tionscadal seo?** Is deis é an t-iarratas seo chun smaointe a roinnt faoi chruthaitheacht, foghlaim agus do scoil. Níl aon fhreagraí foirfe ann — tá suim againn i do chuid smaointe, do thaithí, agus cad atá tábhachtach duitse.

Leideanna cabhracha:

- Labhair faoi na rudaí a mbaineann tú taitneamh astu cheana féin ar scoil, nó na rudaí ar mhaith leat go mbeadh *níos mó* díobh ann.
- Smaoinigh ar chruthaitheacht, ealaín, ceol, drámaíocht, scéalaíocht, rudaí a dhéanamh, nó oibriú le healaíontóirí.
- B'fhéidir gur mhaith leat feabhas a chur ar an dóigh a mhothaíonn daltaí ar scoil, conas a fhoghlaimíonn siad le chéile, nó a gcuid smaointe a roinnt.
- Níl aon fhreagra ceart ná mícheart ann — ba mhaith linn **do chúiseanna** a chloisteáil.

2. **Conas a d'fhéadfadh daoine óga i do scoil páirt a ghlacadh i stiúradh an tionscadail seo?**

Leideanna cabhracha:

- Ciallaíonn ceannaireacht go bhfuil cead cainte agat agus go gcabhraíonn tú le cinní a dhéanamh.
- D'fhéadfadh daltaí cabhrú le smaointe a phleanáil, téamaí a roghnú, nó tuairimí a roinnt.
- B'fhéidir go bhfuil comhairle na ndaltaí, ionadaithe ranga, clubanna, nó grúpaí agat cheana féin a d'fhéadfadh a bheith páirteach.
- D'fhéadfadh daoine óga cabhrú le cinneadh a dhéanamh faoin gcuma atá ar an tionscadal agus páirt a ghlacadh trí:
 - Smaointe a roinnt i gcruinnithe
 - Ag vótáil ar théamaí
 - Ag obair le múinteoirí agus ealaíontóirí

3. Conas a d'fhéadfadh an tionscadal seo cabhrú le daltaí oibriú le múinteoirí chun foghlaim le chéile?

Leideanna cabhracha:

- Smaoinigh ar fhoghlaim mar rud a dhéanann sibh le chéile
- D'fhéadfadh an tionscadal seo cabhrú leat:
 - bealaí nua foghlama a thriail
 - a bheith cruthaitheach le chéile
 - éisteacht le smaointe a chéile
- D'fhéadfadh sé go mbeadh an fhoghlaim níos suimiúla, níos cothroime agus níos taitneamhaí

4. Conas ar mhaith leat do scoil tacú leis an tionscadal seo?

Leideanna cabhracha:

- Smaoinigh ar conas a d'fhéadfadh do scoil cabhrú leis an tionscadal a chur i gcrích
- D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:
 - am a thabhairt do ghníomhaíochtaí nó cruinnithe
 - daltaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh
 - éisteacht le smaointe na ndaltaí
 - Ag cabhrú le spás nó ábhair

5. Ráiteas Tacaíochta an Phríomhoide - riachtanach le haghaidh cáilíochta agus fíoraithe (Ráiteas gairid)

Cad a chiallaíonn sé sin (do dhaoine óga):

- Léiríonn Ráiteas Tacaíochta an Phríomhoide go bhfuil a fhios ag do scoil faoin iarratas agus go dtacaíonn sí leis.
- **Ní** gá duit an chuid seo a scríobh — déanfaidh do phríomhoide nó ceannaire scoile é.
- Beidh a seoladh ríomhphoist san áireamh ag barr na foirme ionas gur féidir leo tacaíocht a dhearbhú.

Cén fáth go bhfuil sé seo tábhachtach:

- Cabhraíonn sé lena chinntiú gur féidir leis an tionscadal tarlú go sábháilte agus i gceart.
- Tacaíonn sé le daoine óga an cheannaireacht a roinnt, agus daoine fásta ag cabhrú sa chúla.